

Aguisín leis na Gnásanna chun Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais a Éisteacht agus a Chinneadh maidir le hathruithe áirithe a bheidh i bhfeidhm le linn éigeandáil sláinte phoiblí Covid-19.

1. De bharr na mbeart sláinte phoiblí a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar an éigeandáil sláinte phoiblí Covid-19, ba ghá athruithe sealadacha a dhéanamh ar na Gnásanna um Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a Éisteacht agus a Chinneadh.
2. Tá na hathruithe atá leagtha amach san aguisín leis na gnásanna seo cinnte ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais agus beidh siad i bhfeidhm go dtí go gceadaíonn na húdaráis sláinte phoiblí maidir le Covid-19 dúinn filleadh ar na gnáthshocruithe atá leagtha amach sna gnásanna.
3. Beidh na forálacha eile sna gnásanna i bhfeidhm i gcónaí.
4. Féadfar a iarraidh ar na hiarratasóirí an t-achomharc agus na doiciméid tacaíochta a chur isteach go leictreonach nó le ríomhphost chuig Aonad Riaracháin Alt 29 ag section29@education.gov.ie
5. Déanfaidh an t-iarratasóir agus bord bainistíochta na scoile i dtrácht seoladh ríomhphoist a sholáthar, nuair a iarrtar é, d'Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 ar mhaithe le comhfhreagras i dtaobh an achomhairc ón Aonad agus chuig an Aonad.
6. Is féidir go n-iarrfar ar an iarratasóir agus ar bhord bainistíochta na scoile i dtrácht aon doiciméad riachtanach a chur isteach go leictreonach nó le ríomhphost chuig Aonad Riaracháin Alt 29 chuig an seoladh ríomhphoist atá luaite thuas.
7. Is féidir gach litir, fógra agus cumarsáid scríofa eile a dtagraítear dó sna gnásanna a eisiúint go leictreonach do na páirtithe ó Aonad Riaracháin Alt 29 nó le ríomhphost chuig na seoltaí ríomhphoist a chuireann na páirtithe i dtrácht ar fáil.
8. Ní sheolfar éisteachtaí ach amháin i bhfoirm ghlas físchomhdhála fóin le fuaim amháin.
9. Cuirfear treoracha ar fáil do na páirtithe san achomharc maidir leis an tslí ar chóir ceangal leis an éisteacht físchomhdhála teileafóin agus faoin tslí le bheith páirteach ann. Áireofar ar na treoracha seo a leanas na nithe seo a leanas i measc nithe eile -
 - a) Ní ceadmhach do na páirtithe an éisteacht a thaifeadh, go hiomlán ná go páirteach.
 - b) Ní cheadófar ach amháin do na páirtithe a bhfuil cead faighte acu roimh ré dul isteach nó bheith páirteach san éisteacht
 - c) Ní mór do gach páirtí sa ghlas físchomhdhála iad féin a chur in iúl a luaithe a thagann siad isteach san éisteacht.
 - d) Ní mór gach doiciméad a chur isteach roimh an éisteacht le linn na tréimhse atá sonraithe ag Aonad Riaracháin Alt 29. Ní chuirfear aon doiciméad breise isteach ag an éisteacht féin.

10. Is féidir fógra scríofa an Choiste Achomhairc faoi pharagraf 36 de na gnásanna a eisiúint i bhfoirm ríomhphoist.
11. Is féidir an fógra scríofa a eisítear do na páirtithe san achomharc faoi pharagraf 37 de na gnásanna a eisiúint i bhfoirm ríomhphoist do na páirtithe i dtrácht.